**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

## Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána don Ealaín.

**Déardaoin, 14 Meitheamh, Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

**Treoracha**

- Freagair trí cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD – go dtí an Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).
- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (50).
- Is cóir sceitsí agus léaráidí a úsáid nuair is cuí chun do chuid pointí a léiriú.
- Déan tagairt do na ***léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo*** mar is gá.

## ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Tá dhá phíosa de mhiotalóireacht mhaisithe ón tréimhse réamh-Chríostaí in Éirinn ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an dá phíosa miotalóireachta.
(b) Déan cur síos agus plé ar an gcaoi a ndearnadh agus ar maisíodh iad.
(c) Scríobh a bhfuil ar eolas agat maidir lena bhfeidhm.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**2.** Tá an leathanach **Chi-Rho** as Leabhar Cheanannais ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Sceitseáil agus déan cur síos ar dhá chineál éagsúla maisiúcháin atá le fáil ar an leathanach seo.
(b) Déan cur síos ar na hábhair agus ar na teicníochtaí a úsáideadh chun Leabhar Cheanannais a dhéanamh.
(c) Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar leathanach amháin eile as Leabhar Cheanannais.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**3.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh **foirgneamh Rómhánúil Éireannach** ar bith a ndearna tú staidéar air.
(b) Déan cur síos agus plé ar ailtireacht an fhoirgnimh seo.
(c) Déan cur síos agus plé ar a chuid maisiúchán.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**4.** Ainmnigh agus déan cur síos ar fhoirgneamh **Seoirseach** a bhfuil eolas agat air agus déan tagairt dá shuíomh agus dá fheidhm.
**agus**
Sceitseáil agus déan plé ar dhá ghné Sheoirseacha den fhoirgneamh seo.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**5.** Tá **'An Fheirm in Lézaven, Finistère'** le Roderic O'Connor (1860 – 1940) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpéintéireacht seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh.

(b) Pléigh úsáid na ndathanna.
(c) Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar phéintéireacht amháin eile de thírdhreach le healaíontóir Éireannach ar bith .
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**6.** Rinne Oisín Kelly (1951-1981) mórán saothar dealbhóireachta poiblí. Tá ceann amháin dá shaothair**, 'Carbad na Beatha', *léirithe ar an mbileog leis seo*.**
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar dealbhóireachta seo.
(b) Céard é ábhar an tsaothair dhealbhóireachta seo, dar leat?
(c) Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar shaothar dealbhóireachta poiblí Éireannach amháin eile.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine amháin de na healaíontóirí seo a leanas: Harry Clarke, Louis Le Brocquy, Alice Maher, Jack B. Yeats, John Behan.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an saothar.
(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar / téama
- comhdhéanamh
- comhábhair agus teicníochtaí.

(c) Luaigh roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar an ealaíontóir atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

## ROINN II – Ealaín na hEorpa

**8.** Sampla de dhealbhóireacht Rómhánúil é **Lá an Bhreithiúnais** le Gislebertus atá ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- stíl
- teicníocht.

(b) Sceitseáil sonra amháin den saothar seo a bhfuil spéis agat ann agus mínigh cén fáth.
(c) Déan cur síos ar shampla amháin eile de dhealbhóireacht Rómhánúil a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**9.** Tá **Póg Iúdáis** le Giotto ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh agus peirspictíocht
- stíl agus méan.

(b) Cén chaoi a gcuireann Giotto an drámatúlacht in iúl sa saothar seo?
(c) Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar shaothar eile le Giotto.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**10.** Tá **Bean Uasal ag Scríobh Litreach** le Jan Vermeer (1632-1675) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpéintéireacht seo faoi na ceannteidil a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- meán
- úsáid an tsolais agus an dorchadais.

(b) Ainmnigh agus tabhair cuntas gearr ar phéintéireacht eile le Vermeer ***<u>nó</u>*** ar aon phéintéireacht eile de radharc teaghlaigh a ndearna tú staidéar air.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**11.** Roghnaigh ceann **amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):

- **Máire Maigdiléana** le Donatello (1386 – 1466)
- **An tSíleáil sa Séipéal Sistíneach** le Michelangelo (1475 – 1564)
- **Gabháil Chríost** le Caravaggio (1573 – 1610)
- **An Tríú Lá de Bhealtaine** le Goya (1746 – 1828)
- **Le Déjeuner sur L'Herbe** le Manet (1832 –1883)
- **Guernica** le Picasso (1881 – 1973)

(a) Déan cur síos ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- stíl
- meán.

(b) Luaigh roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar an ealaíontóir agus an tréimhse inar cruthaíodh an saothar.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**12.** Scríobh cuntas ar an Impriseanachas. Úsáid na ceannteidil seo a leanas mar chúnamh le do fhreagra:

- ábhar
- an modh péintéireachta
- úsáid an tsolais agus na ndathanna.

Ainmnigh ealaíontóir Impriseanaíoch ar bith, agus tabhair cuntas gearr ar shaothar péintéireachta amháin leis an ealaíontóir seo.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**13.** Chruthaigh Salvador Dali (1904 – 1989) saothair arbh fhéidir 'brionglóidí lámhphéinteáilte' a thabhairt orthu.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh saothar le Dali.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- stíl
- meán.

(c) Luaigh roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar Dali.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**14**. Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh gailearaí nó músaem ar thug tú cuairt air.

(b) Déan cur síos agus plé ar dhá earra a bhí ar taispeáint ann faoi na ceannteidil seo a leanas:

- dearadh / comhdhéanamh
- meán
- stíl
- an chaoi ar taispeánadh iad.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan plé ar dhearadh an bpóstaeir atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil a leanas:

- comhdhéanamh
- íomháineachas
- dath
- litreoireacht.

(b) An éiríonn leis an bpóstaer seo, dar leat, an teachtaireacht a bhí beartaithe a chur in iúl? Luaigh fáthanna le do fhreagra.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**16.** Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé ar éifeacht fhísiúil scannán ar bith as ceann **amháin** ar bith de na catagóirí seo a leanas: stairiúil, ficsean eolaíochta, scéinséir nó beochan.

Úsáid na ceannteidil seo a leanas:

- suíomh / seiteanna scannán
- feisteas / smideadh
- soilsiú
- maisíocht
- obair cheamara.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**17.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an spás maireachtála atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- feidhm
- stíl
- soilsiú
- sábháilteacht.

(b) Déan dhá mholadh a chuirfeadh feabhas ar leagan amach agus ar chompord an spáis seo. Luaigh fáthanna le do fhreagra.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**18.** Freagair (a) agus (b).

(a) Cén chaoi a dtabharfá faoi fheisteas a dhearadh do pharáid sráide do cheann de na feilte seo a leanas:

- féile cheoil
- féile dhrámaíochta
- féile na mara
- féile ghairneoireachta

(b) Déan plé ar na dathanna agus ar na huigeachtaí a d'úsáidfeá mar léiriú ar théama na féile atá roghnaithe agat. Luaigh fáthanna le do fhreagra.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**19.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar na tréithe a bhaineann le mála droma dea-dheartha le húsáid ar scoil. Úsáid na ceannteidil seo a leanas:

- feidhm
- an chaoi a n-oireann an mála droma an té atá á chaitheamh
- comhábhair
- stíl.

(b) Cén difríocht a bheadh idir an dearadh ar mhála droma scoile agus an dearadh ar mhála droma le haghaidh sléibhteoireachta?

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

# LEATHANACH BÁN

**LEATHANACH BÁN**